



An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála: Ráiteas Straitéise 2015-2017

Leagtar amach sa Ráiteas Straitéise 2015-2017 conas a bhainfidh amach spriocanna ardleibhéil na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála do na blianta atá romhainn. Tá na spriocanna daingnithe san athbhreithniú ar an mbeartas a tháinig amach le déanaí, *An tOileán Domhanda: Beartas Eachtrach na hÉireann maidir le Domhan atá ag athrú*, ina leagtar amach ár gcuid oibre i gceithre phríomhréimse: ag tacú lenár muintir, ag cur chun cinn ár gcuid luachanna, ag déanamh dul chun cinn lenár rathúnas agus ag glacadh páirt ghníomhach san Aontas Eorpach.

Sa tréimhse ina bhfuilimid faoi láthair, caithfidh tógáil ar théarnamh geilleagrach na hÉireann lena chinntiú go mbeidh todhchaí shlán, rathúil ag muintir na hÉireann. Is mó an nasc atá ag ár rathúnas le forbairt idirnáisiúnta faoi láthair ná riamh. Cabhróidh ár rannpháirtíocht dhomhanda linn é sin a bhaint amach; rannpháirtíocht a dhéantar trí líonra na misean taidhleoireachta agus trínár gcuid oibre sa bhaile, i gcomhar leis na Náisiúin Aontaithe agus leis an Aontas Eorpach.

Sa chomhthéacs sin, tá mé féin agus mo chomhghleacaithe Seán Sherlock T.D., an tAire Stáit um Fhorbairt agus Trádáil a Chur Chun Cinn agus Comhoibriú Thuaidh/Theas, Jimmy Deenihan T.D., an tAire Stáit um an Diaspóra, agus Dara Murphy T.D., an tAire Stáit um Ghnóthaí Eorpacha agus Cosaint Sonraí, chomh maith le baill foirne na Roinne sa bhaile agus thar lear, ag súil lena chinntiú go mbainfidh Éire an tairbhe is mó as na réimsí uile den rannpháirtíocht sheachtrach sa tréimhse amach romhainn.

Cathal Ó Flannagáin, T.D.

An tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

Fís na Státseirbhíse: Ár gCuid Luachanna

- Éiteas seanbhunaithe i leith seirbhís phoiblí ina gcuirtear saoirse, macántacht, comhionannas, cothroime agus meas chun cinn
- Cultúr freagrachta, éifeachtúlachta agus luach ar airgead
- Na caighdeáin is airde i dtaobh gairmiúlachta, ceannaireachta agus críochnúlachta

Ár Misean

Is é misean na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála freastal ar mhuintir na hÉireann, a gcuid luachanna agus an rath atá orthu a chur chun cinn thar lear, agus an cumas, an anailís agus an tionchar a sholáthar don Rialtas lena chinntiú go mbainfidh Éire an leas is mó as gach réimse rannpháirtíochta seachtraí dá cuid.

An tOileán Domhanda: Beartas Eachtrach na hÉireann maidir le Domhan atá ag Athrú

Léirítear sa Ráiteas Straitéise seo cad iad na haidhmeanna ar mhaith leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála a bhaint amach le linn na dtrí bliana atá amach romhainn leis na hacmhainní atá ar fáil di. In ionad féachaint ar ár spriocanna ardleibhéil ina n-aonar, aithnímid - mar a luaitear go soiléir in *An tOileán Domhanda* - go bhfuil siad fite fuaite lena chéile agus go dtacaíonn siad lena chéile. Leagtar amach sa ráiteas seo na straitéisí a mbainfidh an Roinn leas astu chun na spriocanna sin a bhaint amach agus na páirtithe lena n-oibreoimid chun é sin a dhéanamh.

Ar an láidreacht is mó atá againn tá cumas, gairmiúlacht agus dúthracht ár mball foirne anseo in Éirinn agus inár misin ar fud an domhain. Cloíonn siad i gcónaí leis na caighdeáin is airde maidir le seirbhís phoiblí agus iad ag oibriú ar mhaithe le leasanna na hÉireann a chur chun cinn sa bhaile agus thar lear.

I gcaitheamh na mblianta atá amach romhainn, is é an toradh a bheidh ar Phlean Athnuachana na Státseirbhíse go mbeidh státseirbhís níos aontaithe, níos gairmiúla, níos mothálaí agus níos sofheagraí againn. Oibreoidh an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála i ndlúthpháirt lenár gcomhghleacaithe ar fud an Rialtais chun an Plean sin a chur i gcrích.

Niall Burgess

Ard-Rúnaí, an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

Spriocanna

Cad iad na haidhmeanna atá againn?

Ár Muintir

Chun freastal ar ár muintir sa bhaile agus thar lear agus chun an t-athmhuintearas agus an comhar a chur chun cinn

Torthaí

Cad a bhainfimid amach faoin mbliain 2017?

Síocháin bhuan, athmhuintearas níos fearr agus dul chun cinn polaitiúil i dTuaisceart Éireann; comhar Thuaidh-Theas agus Briotanach-Éireannach níos fearr

Soláthar éifeachtach seirbhísí pasanna agus consalachta dár saoránaigh

Tacaíocht dár n-eisimircigh agus rannpháirtíocht níos doimhne lenár ndiaspóra

Ár gcultúr, na healaíona agus na tionscail chruthaitheacha a chur chun cinn trí líonra na n-ambasáidí

An tAschur is Tábhachtaí

Cad a chuirfimid ar fáil in 2015, 2016 agus 2017?

Cur i bhfeidhm tráthúil chomhaontas Theach Stormont, lena n-áirítear an creat maidir le déileáil leis an am atá thart

Dul chun cinn san athmhuintearas tríd an tsochaí shibhialta (le cúnamh ó Chiste Athmhuintearais an RGET), an Ciste Idirnáisiúnta (IFI) agus Clár Síochána an Aontais Eorpaigh

Leathnú agus méadú ar an gcomhar geilleagrach agus sóisialta, tríd an gComhairle Aireachta Thuaidh-Theas agus trí Chomhairle na Breataine-na hÉireann san áireamh

Seirbhís sciobtha, éifeachtach chun an móréileamh ar phasanna a shásamh; slándáil fheabhsaithe le linn phróiseas na heisiúna

Paschárta nua do shaoránaigh agus dul chun cinn maidir le próiseas athnuachana ar líne le haghaidh daoine fásta
Seirbhísí consalachta éifeachtacha a chur ar fáil dár saoránaigh

Cur i bhfeidhm Bheartas Diaspóra an Rialtais

Tacaíocht do na heisimircigh Éireannacha tríd an gClár Tacaíochta Eisimirceach

Cumarsáid níos fearr leis na hÉireannaigh atá thar lear

Clár imeachtaí cultúrtha curtha ar fáil i gcomhar le Cultúr Éireann, lena n-áirítear Yeats150 agus Bliain Dearthóireachta na hÉireann 2015

Clár don Chomóradh thar lear a chur ar fáil, lena n-áirítear Cáisc 2016 agus Somme 2016, chomh maith le comóradh 60 bliain de bhallraíocht na hÉireann sna Náisiúin Aontaithe

Spriocanna

Cad iad na haidhmeanna atá againn?



Torthaí

Cad a bhainimid amach faoin mbliain 2017?

Domhan níos Cothroime: Dul chun cinn maidir le deireadh a chur le bochtaineacht agus ocras, agus maidir le fás geilleagrach cuimsitheach

Dul chun cinn maidir le Domhan níos Córa: Cur chun cinn agus cosaint chearta an duine ar bhonn idirnáisiúnta

Dul chun cinn maidir le Domhan níos Daingne: Timpeallacht idirnáisiúnta atá seasmhach, daingean agus bunaithe ar rialacha

Dul chun cinn maidir le Domhan níos Inbhuanaithe: Téann an creat nua um fhorbairt inbhuanaithe i ngleic le hathrú aeráide, slándáil bia agus saincheistean bainteacha

An tAschur is Tábhachtaí

Cad a chuirfimid ar fáil in 2015, 2016 agus 2017?

Feabhas ar shlándáil bia agus cothaithe inár dtíortha comhpháirtithe san Afraic
Córais níos láidre agus níos freagrúla le haghaidh seirbhísí cothroma, inbhuanaithe agus éifeachtúla do dhaoine bochta agus imeallaithe

Rannpháirtíocht dhaonnúil ar mhaithe le géarchéimeanna a chosc, athléimneacht a thógáil agus dul i ngleic le géarchéimeanna a tharlaíonn go tobann, atá fadtréimhseach agus a ndéantar dearmad orthu

Méadú ar infheistíocht i bhfás geilleagrach cuimsitheach inár dtíortha comhpháirtithe

Cur chun cinn ár dtosaíochtaí maidir le cearta an duine, sna Náisiúin Aontaithe, sa rannpháirtíocht dhéthaobhach agus sa chlár comhair forbartha

Comhtháthú maidir le cur chun cinn agus cosaint chearta an duine sa bheartas eachtrach, arna fheabhsú tríd an gCoiste nua Idir-Rannach

Plean Gníomhaíochta Náisiúnta do Mhná, do Shíocháin agus do Shlándáil

Plean Náisiúnta a ghlacadh maidir le Gnó agus Cearta an Duine

Rannpháirtíocht níos láidre leis an tsochaí shibhialta d'fhonn cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint

Síocháin agus slándáil idirnáisiúnta a chur chun cinn trí na Náisiúin Aontaithe, tríd an Aontas Eorpach, agus trí chomhpháirtithe iltaobhacha agus déthaobhacha eile agus eagraíochtaí neamhrialtasacha

Cur chuige do thógáil síochána atá éifeachtach agus freagrúil, ina mbaintear leas as ár gcuid taithí féin maidir le tógáil síochána in Éirinn

Feachtas a chur ar bun do thoghadh na hÉireann sa bhliain 2020 chuig suíochán neamhbhuan ar Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, 2021-2022

Comhtháthú níos fearr a dhéanamh ar fhorbairt agus rannpháirtíocht pholaitiúil na hÉireann maidir le dul i ngleic le stáit leochaileacha agus tacaíocht a thabhairt don daonlathas, riail an dlí agus freagracht

Tacaíocht láidir do dhí-armáil, neamhiomadú agus rialú armán

Cur i bhfeidhm éifeachtach rialaithe cúirteanna agus binsí idirnáisiúnta

Creat uilíoch nua, faoi threoir na Náisiún Aontaithe, comhaontaithe le haghaidh forbairt inbhuanaithe i ndiaidh 2015

Freagra soiléir, cuimsitheach ar fhorbairt inbhuanaithe, bochtaineacht, ocras, tearc-chothú agus athrú aeráide i ngach réimse de bheartas eachtrach na hÉireann

Ár gCuid Luachanna

Chun oibriú i dtreo domhain níos cothroime, níos córa, níos daingne agus níos inbhuanaithe

Spriocanna

Cad iad na haidhmeanna atá againn?

Ár Rathúnas
Rathúnas na hÉireann
a fhorbairt trínár leas
geilleagrach a chur
chun cinn go
hidirnáisiúnta

Torthaí

Cad a bhainfimid amach faoin mbliain 2017?

Cúnamh éifeachtach do chruthú post, onnmhairí, infheistíocht isteach agus turasóireacht agus oideachas in Éirinn

Caidreamh déthaobhach láidir d'fhonn ár leasanna geilleagracha a chur chun cinn thar lear

An tAschur is Tábhachtaí

Cad a chuirfimid ar fáil in 2015, 2016 agus 2017?

Cur i bhfeidhm Straitéis Trádála, Turasóireachta agus Infheistíochta an Rialtais, faoi mhaoirseacht na Comhairle Trádála Onnmhairithe; tacaíocht do Straitéis na Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta

Deiseanna a aithint, a threisiú agus leas a bhaint astu d'infheistíocht agus do chruthú post tríd an gceannaireacht ar fhoirne margaidh áitiúla laistigh de na príomh-mhargaí

Tacaíocht láidir do ghnólachtaí Éireannacha, i gcomhar le gníomhaireachtaí Stáit san áireamh

Dul chun cinn lenár leasanna in idirbheartaíocht rialála an Aontais Eorpaigh agus ar bhonn domhanda

Clár misean trádála curtha ar fáil agus gníomhaíochtaí eile trádála, turasóireachta, infheistíochta agus oideachais curtha i bhfeidhm

Cur chun cinn agus cur chun críche comhaontuithe cuimsitheacha trádála agus infheistíochta idir an tAontas Eorpach agus príomh-chomhpháirtithe eile trádála

An Ceathrú Fóram Eacnamaíoch Éireannaigh an Domhain sa bhliain 2015

An t-eolas faoi théarnamh geilleagrach na hÉireann a scaipeadh go héifeachtach chuig na comhpháirtithe idirnáisiúnta atá againn

Cur chun cinn leasanna geilleagracha na hÉireann trí thograí treisithe tíre agus réigiúnacha

Clár cuairteanna ardleibhéil Stáit agus Oifigiúla chuig Éirinn agus ó Éirinn Uasghrádú agus leathnú na gcomhaontuithe um Chánachas Dúbailte agus na gcomhaontuithe Slándála Sóisialta idir Éire agus Stáit eile

Spriocanna

Cad iad na haidhmeanna atá againn?



Torthaí

Cad a bhainfimid amach faoin mbliain 2017?

Uasmhéadú ar thionchar na hÉireann ar thorthaí san Aontas Eorpach trí chaidreamh láidir a bhunú le hinstitiúidí an Aontais Eorpaigh agus Ballstáit eile



Cúnamh láidir chun dul i bhfeidhm ar rannpháirtíocht dhomhanda an Aontais Eorpaigh, agus ar shíocháin agus slándáil san Eoraip



An tAschur is Tábhachtaí

Cad a chuirfimid ar fáil in 2015, 2016 agus 2017?

Comhar déthaobhach feabhsaithe lenár gcomhpháirtithe san Eoraip trínár líonra misin a threisiú agus trí chuairteanna ardleibhéil

Anailís ar fhorbairtí polaitiúla agus geilleagracha i mBallstáit eile agus anailís ar a staideanna idirbheartaíochta san Aontas Eorpach, lena n-áirítear staid na Ríochta Aontaithe san Aontas Eorpach

Níos mó infheistíochta chun cur lenár gcumhacht in institiúidí an Aontais Eorpaigh agus chun cur lenár dtionchar ar fhorbairtí beartais agus institiúideacha laistigh den Aontas

Leasanna agus luachanna na hÉireann léirithe i dtorthaí idirbheartaíochta san Aontas agus idirbheartaíocht idirnáisiúnta ghaolmhar eile

Cuidíonn líonra na n-ambasáidí go héifeachtach le beartas AE an Rialtais, lena n-áirítear trí chomhar dlúth le Roinn an Taoisigh, leis an Roinn Airgeadais agus le Ranna eile

Tá luachanna agus leasanna na hÉireann léirithe i bhforbairt Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais agus sna beartais eachtracha dá chuid ar fhorbairt, trádáil, méadú agus comharsanacht

Trí rannpháirtíocht leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (EEAS), bíonn tionchar ag Éirinn ar fhreagairt an Aontais ar dhúshlán bheartais eachtraigh

Cúnamh éifeachtach ó Éirinn d'fhonn cur chuige cuimsitheach i leith slándála i mór-réigiúin na hEorpa a chur chun cinn

Ár Suíomh san Eoraip

Chun luachanna agus leasanna na hÉireann san Eoraip a chosaint agus a fhorbairt



Spriocanna

Cad iad na haidhmeanna atá againn?

Ár dTionchar

Neartú a dhéanamh ar ár dtionchar agus ár n-acmhainn chun na spriocanna atá againn a bhaint amach

Torthaí

Cad a bhainfimid amach faoin mbliain 2017?

Seirbhís aontaithe don Rialtas agus do na Saoránaigh

Meitheal ghairmiúil, chumasach i dtimpeallacht oibre atá dearfach

Seirbhís atá freagrúil d'athruithe agus do dhúshláin náisiúnta agus dhomhanda

Roinn atá oscailte agus cuntasach agus a chuireann an dea-chleachtas i bhfeidhm sa rialachas

An tAschur is Tábhachtaí

Cad a chuirfimid ar fáil in 2015, 2016 agus 2017?

Bainistíocht láidir cheannaireachta agus fheidhmíochta

Meitheal chomhordaithe, chomhtháite ar fud na ceanncheathrún agus líonra na n-ambasáidí Ailíniú acmhainní le tosaíochtaí d'fhoillíocht luach ar airgead a chinntiú; agus an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní foirne laistigh den bhuiséad

Comhar neartaithe leis na Comhpháirtithe Straitéiseacha is tábhachtaí

Clár malairte feabhsaithe le heagraíochtaí san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach

Timpeallacht oibre ina leagtar béim ar dhínit, ar mheas agus ar éagsúlacht

Dul chun cinn inmheasta i gcur chun feidhme an Phlean Ghníomhaíochta maidir le Comhionannas Inscne

Cur i bhfeidhm Phlean Seachadta Seirbhíse Seachtraí na Roinne, lena n-áirítear an t-aistriú chuig PeoplePoint sa bhliain 2015 agus seachfhoinsiú ionad glaonna Oifig na bPasanna

TFC (Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide) agus bonneagar fisiciúil neartaithe, rud a fhágann go dtiocfaidh feabhas ar éifeachtacht agus seirbhísí

Oiliúint spriocdhírith, lena n-áirítear Beartas Oiliúna Nua-Theangacha

Straitéisí éifeachtacha i leith Bainistíocht Eolais

Ról rathúil na hÉireann i leith chomh-éascú maidir le hidirbheartaíocht na Náisiún

Aontaithe ar Spriocanna Forbartha Inbhuanaíthe (SFI)

Líonra misean atá gníomhach i gcur chun cinn leasanna geilleagracha na hÉireann, a thugann tacaíocht spreagúil do ghnóilochtaí Éireannacha, a thugann ceannaireacht d'Fhoirne Margaidh Áitiúil agus a chomhordaíonn a gcuid iarrachtaí

Acmhainn níos láidre do cheapadh beartas; comhairle, treoir eolais agus anailís den scoth a chur ar fáil don Rialtas, do Thithe an Oireachtais agus do ghníomhaithe eile Stáit

Ról ceannaireachta in Athnuachan na Státseirbhíse

Méadú ar thaidhleoireacht phoiblí trí straitéis chumarsáide spriocdhírith le hacmhainní tiomnaithe

Seirbhísí trí Ghaeilge agus neartú ar chur chun cinn na Gaeilge thar lear

Teagmháil agus rannpháirtíocht fheabhsaithe le pobal na hÉireann

Foilsíú réamhghníomhach eolais mar fhreagra ar Shaoráil Faisnéise agus gealltanais eile trédhearcachta

Taidhleoireacht phoiblí agus ár mbeartas eachtrach sa domhan mór a úsáid ionas go mbeidh Éire ina comhpháirtí domhanda a bhfuil meas air

Seirbhísí ar ardchaighdeán a chur ar fáil dár saoránaigh

Trádáil agus infheistíocht a chur chun cinn

Ár gcultúr a chur chun cinn

Tacaíocht a thabhairt do Ranna eile agus do ghníomhaireachtaí Stáit chun a gcuipóirí idirnáisiúnta a bhaint amach

Ár gcuid Straitéisí

Conas a bhainfimid amach ár dTorthaí is Tábhachtaí

Rannpháirtíocht iltaobhach atá gníomhach agus éifeachtach; córas idirnáisiúnta riailbhunaithe a chur chun cinn

Caidreamh déthaobhach a neartú agus leas a bhaint as líonra ambasáidí na hÉireann

Síocháin agus athmhuintearas ar oileán na hÉireann agus thar lear a chur chun cinn

Fócas ar Luach ar Airgead agus ar Thorthaí a chinntiú

Clár forbartha idirnáisiúnta ar ardchaighdeán a chur ar fáil

Ár n-acmhainn inmheánach a neartú agus seirbhísí corparáideacha ar ardchaighdeán a chur ar fáil

Meas idirnáisiúnta ar chearta an duine a chur chun cinn

Dúshlán agus deiseanna

An comhthéacs idirnáisiúnta ina n-oibríonn an RGET

- Leathnú ar gheilleagar an domhain
- Fás nach bhfacthas cheana ar gheilleagair agus ar mhargaí nua
- Athrú aeráide
- Nuálaíocht teicneolaíochta agus meáin nua
- Muintir an domhain ag dul in aois agus ag cónaí i limistéir uirbeacha
- Bagairtí trasnáisiúnta lena n-áirítear sceimhlitheoireacht, gáinneáil agus cibearchoireacht
- Neamhionannas ag teacht chun cinn laistigh de Stáit agus réigiúin agus eatarthu
- Stáit leochaileacha agus foréigean laistigh de stáit
- Coinbhleacht sa Mheánoirthear
- Éagobhsaíocht i gcomharsanacht na hEorpa
- Éabhlóid an limistéir euro
- Éabhlóid chaidreamh na Ríochta Aontaithe leis an Aontas Eorpach
- Creat forbartha atá ag athrú i ndiaidh 2015



Acmhainní

Baill foirne RGET
Cumais TFC
Comhpháirtithe straitéiseacha tábhachtacha ar fud an Rialtais
(féach Iarscríbhinn 1)
Líonra Éireannaigh an Domhain
Ár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta agus sa tsochaí shibhialta



Próisis

Próisis idir-rannacha (féach Iarscríbhinn 1)
Próisis idir-rannacha maidir le hathchóiriú, le hoiliúint agus forbairt, le hacmhainní daonna agus comhionannas inscne
Fís an RGET um Bainistíocht Eolais
Athbhreithnithe ar Luach ar Airgead/Measúnachtaí beartas fócasaithe



Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí

Plean Athnuachana na Státseirbhíse
Plean Seachadta an RGET um Athchóiriú
Comhtháite
Clár an RGET um Athbhreithniú Eagraíochtúil

Iarscríbhinn 1 – Comhpháirtithe Straitéiseacha Tábhachtacha lena n-oibríonn an RGET chun tosaíochtaí an Rialtais a chomhlíonadh

SPRIOC	Toradh	Comhpháirtithe Straitéiseacha Tábhachtacha	Comhar
Ár Muintir	Síocháin bhuan, athmhuintearas agus dul chun cinn polaitiúil i dTuaisceart Éireann agus méadú ar chomhar Thuaidh-Theas	R/an Taoisigh, R/Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus Ranna eile Rialtais	Rannpháirtíocht struchtúrtha le Rialtas na Breataine, lena n-áirítear i gcomhthéacs tuilleadh déabhlóide laistigh den Ríocht Aontaithe, agus le Páirtithe agus Gníomhaireachtaí i dTuaisceart Éireann chun an tsíocháin a chosaint, Comhaontaithe a chur i bhfeidhm agus réimsí comhair nua feabhsaithe a fhorbairt. Cur chuige Uile-Rialtais a chinntiú chun an Comhar Thuaidh-Theas a neartú.
	Soláthar éifeachtach seirbhísí pasanna agus consalachta dár saoránaigh	R/Coimirce Sóisialaí, R/Dlí agus Cirt agus Comhionannais, R/CPA, R/Airgeadais agus gníomhaireachtaí Stáit lena mbaineann R/Leanaí agus Gnóthaí Óige	Slándáil a fheabhsú agus cosaintí in aghaidh calaoisí pasanna a neartú Comhar i réimse an uchtaithe idirnáisiúnta, go háirithe i leith uchtuithe idir-thíortha agus taifead uchtuithe, ag teacht leis an gCreat Beartais Náisiúnta um Leanaí agus Daoine Óga.
	Tacaíocht dár n-eisimircigh agus rannpháirtíocht níos doimhne lenár ndiaspóra	Áras an Uachtaráin, R/an Taoisigh agus na Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí Stáit ar fad	Comhar leis na Ranna Rialtais ar fad lena chinntiú go gcuirfear i bhfeidhm na torthaí a leagadh amach in <i>Éireannaigh an Domhain: Beartas Diaspóra na hÉireann</i> ; agus comhar maidir leis na gnéithe uile a bhaineann le heispéireas na n-eisimircigh — sula n-íomíonn siad, a dtaitheí thar lear agus fillleadh abhaile dóibh. Comhar leis na Ranna Rialtais ar fad agus gníomhaireachtaí Stáit lena mbaineann maidir leis an ullmhúchán do reáchtáil 4ú Fóram Eacnamaíoch Éireannaigh an Domhain.

	Cur chun cinn ár gcultúir, ár n-ealaíon agus ár dtionscal cruthaitheach trí líonra na n-ambasáidí	R/Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, lena n-áirítear Cultúr Éireann	Ina cáil mar bhall den Choiste Comhairleach Saineolaithe de chuid Chultúr Éireann, comhoibríonn an RGET leis an R/EOG i leith maoiniú ar thionscadail ealaíon thar lear trí ionchur na n-ambasáidí i ngníomhaíochtaí cultúrtha ina réimse creidiúnaithe agus trí shinéirge a aithint idir obair líonra na n-ambasáidí agus Chultúr Éireann. Tacaíocht do chlár idirnáisiúnta Dheich mBliana na gCuimhneachán, lena n-áirítear imeachtaí cultúrtha agus imeachtaí pobail don diaspóra agus leagfar béim ar imeachtaí chomóradh céad bliain 1916.
Ár gcuid Luachanna	Domhan Níos Cothroime: Dul chun cinn ó thaobh deireadh a chur le bochtaineacht agus ocras; fás geilleagrach cuimsitheach a chur chun cinn	R/Airgeadais, R/Talmhaíochta agus Bia, R/Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil, R/Sláinte R/Cosanta	Freagra neartaithe ar chomhtháthú beartas ar mhaithe le Forbairt, ag teacht leis na gealltanais atá leagtha amach in <i>Domhan Amháin, Todhchaí Amháin</i> agus na moltaí ó ECFE DAC maidir le Comhtháthú Beartas ar mhaithe le Forbairt. Mar chuid de Thascfhórsa an Rialtais ar Phleanáil Éigeandála, tá an phríomhfhreagracht ar an RGET maidir le héigeandálaí thar lear a mbíonn tionchar acu ar shaoránaigh de chuid na hÉireann agus maidir le heachtraí éigeandála a bhfuil gá le cúnamh daonnúil ina leith. Chomh maith leis sin, cuirfidh sí tacaíocht ar fáil do Ranna tosaigh eile i rith éigeandálaí móra eile, lena n-áirítear éascú teagmhálaithe idirnáisiúnta i rith eachtraí éigeandála a bhfuil cúnamh daonnúil ag teastáil ina leith i ndáil le bainistiú tubaistí.
	Domhan Cóir: Cur chun cinn agus cosaint chearta an duine ar bhonn idirnáisiúnta	R/Dlí agus Cirt agus Comhionannais Na Ranna Rialtais ar fad	Ardleibhéal comhair a choimeád leis an R/Dlí agus Cirt agus Comhionannais, ionas go mbeidh toradh ar rannpháirtíocht na hÉireann um chearta an duine sa bheartas eachtrach, go háirithe tríd an gCoiste nua Idir-Rannach um Chearta an Duine. Chomh maith leis sin, leanfar ar aghaidh leis an gcomhar i leith chur chun cinn an chomhionannais inscne i seirbhís phoiblí na hÉireann. Tacaíocht arna cur ar fáil do na Ranna Rialtais ar fad atá freagrach as cur i bhfeidhm ghealltanais idirnáisiúnta na hÉireann i leith chearta an duine.

	Domhan atá Daingean: Timpeallacht idirnáisiúnta atá socair, daingean agus riailbhunaithe	R/Cosanta agus Óglaigh na hÉireann, R/Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus páirtithe leasmhara uile an Rialtais R/Post, Fiontar agus Nuálaíochta R/Airgeadais, R/Post, Fiontar agus Nuálaíochta, An Banc Ceannais agus páirtithe leasmhara an Rialtais lena mbaineann R/Dlí agus Cirt agus Comhionannais Na Ranna Rialtais ar fad	Leanúint ar aghaidh le rannpháirtíocht láidir na hÉireann sa tsíocháin agus slándáil idirnáisiúnta agus i riail an dlí, trí shíocháin a choimeád agus trí chothú síochána san áireamh. Dul i mbun plé le Ranna eile maidir le cloí le caighdeáin agus dualgais idirnáisiúnta agus cumasú a dhéanamh ar chineálacha cur chuige chomhordaithe le haghaidh saincheistean leathana a éiríonn as fóraim na NA, lena n-áirítear comhordú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm réitigh Chomhairle Slándála na NA, stádaí ar thionóil iltaobhacha lena mbaineann. Leanúint ar aghaidh le rannpháirtíocht láidir na hÉireann i síocháin agus slándáil idirnáisiúnta trí dhí-armáil, neamhiomadú agus rialú armán. Rannpháirtíocht i réimse na smachtbhannaí idirnáisiúnta, más cuí, chun tacú le comhlíonadh dualgas idirnáisiúnta. A chinntiú go léiríonn an beartas idirnáisiúnta um dhrugaí luachanna agus leasanna na hÉireann, go háirithe i gcomhthéacs Sheisiún Speisialta Chomhthionól Ghinearálta na Náisiún Aontaithe ar an mBeartas Domhanda um Dhrugaí sa bhliain 2016. Leanúint ar aghaidh ag obair leis na Ranna Rialtais ar fad lena chinntiú go gcuirfear i bhfeidhm rialacháin na gCúirteanna agus na mBinsí idirnáisiúnta in am trátha agus go héifeachtach
	Domhan Inbhuanaithe: Téann an creat nua um fhorbairt inbhuanaithe i ngleic le saincheistean amhail athrú aeráide, slándáil bia agus saincheistean bainteacha	R/Airgeadais, R/Talmhaíochta agus Bia, Teagasc, R/Post, Fiontraíochta agus Nuálaíochta, R/Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil R/Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta R/Cosanta	Leanfaidh an RGET ar aghaidh ag dul i mbun idirbheartaíochta leis na Ranna cuí ar fad maidir le Creat Forbartha Inbhuanaithe nua, lena n-áirítear cainteanna ar Mhaoiniú don Fhorbairt sa bhliain 2015. Leanfaidh an RGET ar aghaidh ag oibriú i ndlúthpháirt leis an R/CRA agus Ranna eile Rialtais ina róil mar bhaill de thoscaireacht na hÉireann d'idirbheartaíochtaí UNFCCC i mí na Nollag. Coimeádfar an teagmháil dhlúth leis an R/TBM, Teagasc, an R/Sláinte i ndáil le hoiriúnú aeráide, talmhaíocht, slándáil bia agus cothú – lena n-áirítear sásraí comh-mhaoiniúcháin. Téann an RGET i gcomhairle leis an R/EOG i ndáil le dualgais idirnáisiúnta ar bhithéagsúlacht. Rachaidh an RGET i mbun comhairle le Tascfhórsa an Rialtais maidir le pleanáil éigeandála mar ullmhúchán don Chomhdháil Dhomhanda ar Laghdú Tubaistí.

Ár Rathúnas	Cúnamh éifeachtach do chruthú post, onnmhairí, infheistíocht isteach agus turasóireacht agus oideachas in Éirinn	R/an Taoisigh, R/Post, Fiontraíochta agus Nuálaíochta, R/Talmhaíochta, Bia agus Mara, R/Oideachais, R/Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, Gníomhaireachtaí Stáit agus na Ranna cuí Rialtais ar fad	Is príomhthosaíochtaí de chuid líonra na n-ambasáidí iad cur chun cinn na trádála agus na taidhleoireachta geilleagraí. Cuireann an RGET an Rúnaíocht ar fáil don Chomhairle Trádála Onnmhairithe (CTO), ar a bhfuil an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála ina Chathaoirleach, agus ar a bhfuil an tAire Post, Fiontraíochta agus Nuálaíochta; an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara; an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt; an tAire Oideachais agus Scileanna agus an tAire Stáit um Fhorbairt agus Trádáil a chur chun cinn agus Comhar Thuaidh-Theas, mar aon le hoifigigh shinseareacha, cinn na ngníomhaireachtaí Stáit agus ionadaithe ón saol gnó. Déanann an Rúnaíocht maoirsiú ar chur i bhfeidhm Straitéis Trádála, Turasóireachta agus Infheistíochta an Rialtais, ar foilsíodh athbhreithniú uirthi sa bhliain 2014. Comhordaíonn an RGET leis na Ranna ar fad agus le gníomhaireachtaí cuí Stáit ar theachtaireachtaí bolscaireachta i margaí thar lear, go háirithe i rith thréimhse na Féile Pádraig. Trí Rúnaíocht CATT in Ard Mhacha, tacaíonn an Roinn leis an gcomhar geilleagrach arna chur chun cinn ag an gComhairle Aireachta Thuaidh-Theas, na sé Chomhlacht Feidhmithe Thuaidh-Theas agus Turasóireacht Éireann. Teagmháil le Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann ar iarratais víosaí.
	Caidreamh déthaobhach láidir d'fhonn ár leasanna geilleagracha a chur chun cinn thar lear	R/Airgeadais	Comhar maidir le cur chun críche na gcomhaontuithe idirnáisiúnta atá luachmhar do gheilleagar agus saol gnó na hÉireann, lena n-áirítear Comhaontuithe um Chánachas Dúbailte.
Ár Suíomh san Eoraip	Uasmhéadú ar thionchar na hÉireann ar thorthaí san Aontas Eorpach trí chaidreamh láidir a bhunú le hinstitiúidí an Aontais Eorpaigh agus Ballstáit eile	R/an Taoisigh, R/Airgeadais agus na Ranna Rialtais ar fad	Leanfaidh an RGET agus líonra na n-ambasáidí ar aghaidh ag soláthar eolais agus anailíse do na Ranna Rialtais roimh chruinnithe Chomhairlí Aireachta an Aontais Eorpaigh agus na Comhairle Eorpaí. Rachaidh ambasáidí i gcomhairle le Rialtais óstaigh chun an réimse iomlán dár leasanna polaitiúla agus geilleagracha a chur chun cinn.
	Cúnamh láidir chun dul i bhfeidhm ar rannpháirtíocht dhomhanda an Aontais agus ar shíocháin agus slándáil san Eoraip	Na Ranna Rialtais ar fad	Cabhróidh an RGET le Ranna eile ina gcuid iarrachtaí chun a chinntiú go gcuirfear i bhfeidhm go tráthúil na gníomhaíochtaí náisiúnta atá riachtanach faoi chomhaontuithe an Aontais agus beartais agus gníomhaíochtaí caidrimh sheachtraigh.
Ár dTionchar	Seirbhís aontaithe don Rialtas agus do na saoránaigh	Na Ranna Rialtais ar fad	Leanfaidh an RGET agus líonra na n-ambasáidí ar aghaidh ag tabhairt cúnamh do na Ranna Rialtais ar fad maidir lena rannpháirtíocht idirnáisiúnta trí bhealaí déthaobhacha nó iltaobhacha, lena n-áirítear tacaíocht i ndáil le cur i bhfeidhm caighdeán agus dualgas idirnáisiúnta.
	Roinn atá oscailte agus cuntasach agus a chuireann dea-chleachtas i bhfeidhm sa rialachas	R/Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus na Ranna Rialtais ar fad	Cabhróidh an RGET le cur i bhfeidhm Phlean Athnuachana na Státseirbhíse trína rannpháirtíocht le Bord Bainistíochta na Státseirbhíse agus líonraí athnuachana eile.

Clár an Rialtais: *Rialtas Téarnaimh Náisiúnta, 2011-16 agus Ráiteas Thosaíochtaí an Rialtais, 2014-16*

Leagtar amach sa Ráiteas Straitéise seo conas a chuireann an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála na gealltanais i bhfeidhm a sannadh di faoi Chlár an Rialtais agus Ráiteas Thosaíochtaí an Rialtais. Tá an RGET freagrach as cur i bhfeidhm na ngealltanais i ndáil leis an **ngeilleagar, le comhpháirtíocht, le hathmhuintearas agus le comhar ar oileán na hÉireann, le cur chun feidhme chlár chúnamh na hÉireann thar lear agus caidreamh idirnáisiúnta na hÉireann.**

I réimse an gheilleagair, áirítear leo sin na gealltanais chun cuidiú le Clár Post an Rialtais agus an Plean Gníomhaíochta do Phoist; cur le honnmhairí agus tacaíocht a thabhairt do bheartais nuálaíochta agus tráchtálaithe do ghnólachtaí Éireannacha. Mar a luaitear in *Ráiteas Thosaíochtaí an Rialtais*, Iúil 2014, is tosaíochtaí lárnacha don Roinn iad na nithe seo a leanas: cur chun cinn na síochána agus an athmhuintearais ar oileán na hÉireann, comhar Thuaidh-Theas a fhorbairt agus cur chun feidhme Chomhaontú Aoine an Chéasta ina iomláine, chomh maith le comhaontuithe gaolmhara eile. Ina theannta sin, tá an Roinn freagrach as cur chun feidhme ghealltanais na hÉireann maidir leis an gcomhrac i gcoinne an ocrais agus na bochtaineachta ar domhan, lena n-áirítear cúnamh daonnúil a sholáthar. Tá freagrachtaí áirithe ar líonra ambasáidí na Roinne i leith tacaíocht a thabhairt do na Ranna agus na gníomhaireachtaí Rialtais atá ag forfheidhmiú gealltanais de chuid Chlár an Rialtais a mbaineann gné idirnáisiúnta leo. Tá an fhreagracht orthu chomh maith cáil na hÉireann mar chomhpháirtí uasal domhanda a choimeád.

An tOileán Domhanda: Beartas Eachtrach na hÉireann maidir le Domhan atá ag Athrú agus Domhan Amháin, Todhchaí Amháin. Beartas na hÉireann um Fhorbairt Idirnáisiúnta

Is ráitis bheartais lárnacha iad an tAthbhreithniú ar Bheartas Eachtrach an Rialtais *An tOileán Domhanda: Beartas Eachtrach na hÉireann maidir le Domhan atá ag Athrú*, a foilsíodh i mí Eanáir 2015, agus beartas nua an Rialtais ar Fhorbairt Dhomhanda - *Domhan Amháin, Todhchaí Amháin*, a foilsíodh i mí na Bealtaine 2013. Is orthu atá an Ráiteas Straitéise bunaithe. Léirítear sa Ráiteas seo an fhís fhorásach fhócasaithe réamhbhreathnaitheach maidir le beartas eachtrach na hÉireann atá leagtha amach in *An tOileán Domhanda* agus *Domhan Amháin, Todhchaí Amháin*.

Iarscríbhinn 3 – Monatóireacht agus Athbhreithniú

Leagfar amach leis an Ráiteas Straitéise seo na spriocanna ardleibhéil le haghaidh Pleananna Gnó agus Cláir Rioscaí bliantúla ar fud na nAonad Gnó ar fad sa Roinn Gnóthaí Eachtracha sa bhliain 2015, 2016 agus 2017. Tá feidhm aige sin maidir le Rannóga agus Aonaid Tosaigh sa cheanncheathrú agus i líonra na n-ambasáidí. Léireofar na spriocanna ardleibhéil agus na torthaí ardleibhéil cuí i bPleananna Gnó aonair arna bhfaomhadh ag Coiste Comhairleach Bainistíochta na Roinne (CCB) lena chinntiú go mbeidh leanúnachas le sonrú in obair na Roinne. Tá leagadh síos spriocanna agus bainistíocht agus forbairt fheidhmíochta do na hoifigh ar fad sa Roinn bunaithe ar na Pleananna Gnó sin.

Gheobhaidh an CCB **tuirisciú ráithiúil ar Phleanáil agus Straitéis Ghnó** ina ndéanfar tuirisciú ar chur i bhfeidhm an Ráitis Straitéise. Is gá go gcuirfidh Aonaid Ghnó **athbhreithnithe feidhmithe** faoi bhráid an CCB i lár na bliana maidir lena bhforfheidhmiú féin ar na Spriocanna agus Torthaí ardleibhéil a bhaineann lena nAonad. Ina dhiaidh sin, soláthraíonn an Roinn **Tuarascáil Bhliantúil** ina léirítear cad a baineadh amach gach bliain maidir le cur i gcrích na dTorthaí a leagtar amach sa Ráiteas Straitéise seo.

Faoi láthair soláthraíonn an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála **táscairí feidhmíochta lárnacha** a bhaineann le roinnt mhaith de na Torthaí ardleibhéil sa Ráiteas Straitéise seo. Foilsítear roinnt de na táscairí sin sna Meastacháin bhliantúla do vótaí na Roinne, áirítear roinnt eile i bhfoilseacháin rialta agus i bpreaseisiúintí ar staitisticí consalachta, pasanna agus trádála a fhoilsítear gach bliain. Leanfaidh an Roinn ar aghaidh ag obair chun sraith chuimsitheach táscairí feidhmíochta, idir chainníochtúil agus chineálach, a fhorbairt. Féadfar iad sin a úsáid ar shuíomh gréasáin an Rialtais i leith eolais feidhmíochta: **Eolas Éireann** www.irelandstat.ie.

Iarscríbhinn 4 – An Próiseas Comhairliúcháin

Agus an Ráiteas Straitéis seo á ullmhú, bhí aird ar an gcomhairliúchán **ar fud an Rialtais**, le baill den **Oireachtas**, leis **an tsochaí shibhialta** agus le **daoine den phobal**, a reáchtáladh ar mhaithe le hullmhú na ndoiciméad beartas *An tOileán Domhanda* agus *Domhan Amháin, Todhchaí Amháin*.

Chuathas i gcomhairle leis na Ranna Rialtais ar fad agus na baill foirne ar fad ón Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus an Ráiteas Straitéise seo á ullmhú. Bhí baint ag na hAonaid Tosaigh ag an gceanncheathrú agus ag an gCoiste Comhairleach Bainistíochta le gach céim de dhréachtú an Ráitis.

Rinneadh tástáil ar an Ráiteas le hAonaid Ghnó sa bhaile agus thar lear chun leanúnachas le Pleanáil Ghnó a chinntiú. Ar deireadh, reáchtáladh seisiún leathlae le Fóram Rialachais na h**Institiúide Gnóthaí Poiblí (IPA)** lena chinntiú go bhfuil an Ráiteas de réir an dea-chleachtais.

